2026/1790

21.7.2026

# CINNEADH (AE) 2026/1790 ÓN gCOMHAIRLE

**an 14 Iúil 2026**

**lena n-údaraítear na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, glacadh le haontachas Cabo Verde le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(3), i gcomhar le h Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), agus Airteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé socraithe ag an Aontas gur ceann dá chuspóirí é cosaint ar chearta an linbh a chur chun cinn, mar a luaitear in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is cuid riachtanach den bheartas sin iad bearta chun leanaí a chosaint ar aistriú éagórach nó ar choinneáil éagórach.

(2) Tá sé d'aidhm ag Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle [2] leanaí a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha de dheasca aistrithe éagóracha nó coinneáil éagórach agus nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú go dtabharfar ar ais iad go pras go dtí an Stát ina bhfuil gnáthchónaí orthu, agus chun cosaint na gceart rochtana agus na gceart coimeádta a áirithiú chomh maith.

(3) Le Rialachán (AE) 2019/1111, comhlánaítear agus treisítear Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí ('Coinbhinsiún na Háige 1980') lena mbunaítear, ar an leibhéal idirnáisiúnta, córas oibleagáidí agus comhair idir Stáit Chonarthacha agus idir údaráis lárnacha, agus é mar aidhm leis sin a áirithiú go ndéanfar leanaí a aistríodh nó a coinníodh go héagórach a thabhairt ar ais go pras.

(4) Is páirtithe iad na Ballstáit uile i gCoinbhinsiún na Háige 1980.

(5) Molann an tAontas do thríú stáit aontú le Coinbhinsiún na Háige 1980 agus tacaíonn sé le cur chun feidhme ceart Choinbhinsiún na Háige 1980 trí pháirt a ghlacadh, in éineacht leis na Ballstáit, *inter alia*, sna coimisiúin speisialta arna n-eagrú ar bhonn rialta ag Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta.

(6) D'fhéadfadh sé gurb é creat comhchoiteann dlíthiúil infheidhme idir na Ballstáit agus tríú stáit an réiteach is fearr ar chásanna íogaire a bhaineann le fuadach idirnáisiúnta leanaí.

[1] Tuairim an 17 Meitheamh 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
[2] Rialachán (AE) 2019/1111 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2019 maidir le dlínse, maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus in ábhair maidir le freagracht tuismitheora, agus maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí (IO L 178, 2.7.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1111/oj).

(7) Sonraítear i gCoinbhinsiún na Háige 1980 go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún idir an Stát aontach agus na Stáit Chonarthacha sin a mbeidh sé dearbhaithe acu go nglacann siad leis an aontachas.

(8) Le Coinbhinsiún na Háige 1980, ní cheadaítear d'eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch, amhail an tAontas, a bheith ina bpáirtithe ann. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Aontas aontú le Coinbhinsiún na Háige 1980, ná ní féidir leis dearbhú glactha a thaisceadh i ndáil le Stát aontach ach oiread.

(9) De réir Thuairim 1/13 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([3]), is faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais a thagann dearbhuithe glactha faoi Choinbhinsiún na Háige 1980.

(10) An 4 Deireadh Fómhair 2022, thaisc Cabo Verde a ionstraim aontachais le Coinbhinsiún na Háige 1980. Tháinig Coinbhinsiún na Háige 1980 i bhfeidhm do Cabo Verde an 1 Eanáir 2023.

(11) Ba é ba chonclúid do mheasúnú ar an staid in Cabo Verde go bhfuil na Ballstáit in ann, chun leas an Aontais, glacadh le haontachas Cabo Verde faoi théarmaí Choinbhinsiún na Háige 1980.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, údarú a thabhairt do na Ballstáit a ndearbhú glactha le haontachas Cabo Verde a thaisceadh, chun leas an Aontais i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach sa Chinneadh seo.

(13) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2019/1111 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear na Ballstáit glacadh le haontachas Cabo Verde le Coinbhinsiún na Háige 1980 chun leas an Aontais.

2. Taiscfidh na Ballstáit, tráth nach déanaí ná an 15 Iúil 2027, dearbhú glactha maidir le haontachas Cabo Verde le Coinbhinsiún na Háige 1980 chun leas an Aontais, agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

'Dearbhaíonn [Ainm iomlán an Bhallstáit] go nglacann sé le haontachas Cabo Verde le Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2026/1790 ón gComhairle (*)

(*) IO L, 2026/1790, 21.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1790/oj.'.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas maidir le taisceadh a ndearbhuithe glactha le haontachas Cabo Verde agus cuirfidh na Ballstáit téacs na ndearbhuithe sin in iúl don Choimisiún laistigh de 2 mhí tar éis a dtaiscthe.

([3]) ECLI:EU:C:2014:2303.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. BYRNE